Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**12693/21**

**COPS 351**
**POLMIL 159**
**COWEB 123**
**CFSP/PESC 914**
**CSDP/PSDC 489**
**BIH 15**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12591/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin/Oibríocht EUFOR Althea |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin/Oibríocht EUFOR Althea, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Deireadh Fómhair 2021.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN mBOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN / OIBRÍOCHT EUFOR ALTHEA**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas aonchiallach do dhearcadh an Aontais gur tír aonair aontaithe cheannasach í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Is oth go mór leis an gComhairle an ghéarchéim fhada pholaitiúil sa tír agus cáineann sí an bac atá á chur ar na hinstitiúidí Stáit. Tathantaíonn an Chomhairle ar na ceannairí polaitiúla uile reitric ghríosaitheach scoilteach a thréigean, lena n-áirítear iomláine chríochach na tíre a cheistiú, agus a n-iarrachtaí comhpháirteacha a dhíriú ar chomhlíonadh na 14 phríomhthosaíocht a sainaithníodh sa Tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na Boisnia agus na Heirseagaivéine ar bhallraíocht san Aontas, mar a d’fhormhuinigh an Chomhairle in 2019 í, agus i gcomhréir le leas na saoránach uile dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an Aontais Eorpaigh.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil Oibríocht Althea fós ann, ar oibríocht í a d’athdhírígh tar éis na nAthbhreithnithe Straitéiseacha a rinneadh in 2017 agus 2019 ar a príomhshainordú tacú le húdaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine chun timpeallacht shábháilte shlán (SASE) a chothabháil, bunaithe ar mhúnla daingean den fhaisnéis réamhfháistineach. Ag an am céanna, leanann an Oibríocht de na tascanna eile a eascraíonn as Comhaontú Síochána Dayton a chur chun feidhme, chomh maith le hoiliúint chomhchoiteann d'Fhórsaí Armtha na Boisnia agus na Heirseagaivéine (AFBiH).

3. Admhaíonn an Chomhairle gur dearbhaíodh na tosaíochtaí sin sa tríú hAthbhreithniú Straitéiseach ar an Oibríocht a tíolacadh i mí an Mheithimh 2021, lena n-áirítear na torthaí ar dá réir a leanann láithreacht na hOibríochta de ról lárnach a imirt maidir leis an gcobhsaíocht agus leis an tsládáil sa tír, mar chuid de straitéis foriomlán an Aontais don Bhoisnia agus don Heirseagaivéin. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas réidh leanúint de shainordú feidhmiúcháin na hOibríochtaí faoi údarú athnuaite ó na Náisiúin Aontaithe.

4. Tugann an Chomhairle dá haire gur dúshláin ollmhóra leanúnacha iad paindéim COVID-19 agus a héifeachtaí i gcaitheamh na bliana seo caite agus molann sí an Oibríocht as a bheith lánoibríochtúil i gcónaí agus as leanúint de thacaíocht a thabhairt don tír sa tréimhse chorrach seo.

5. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go leanfar le comhordú EUFOR Althea le gníomhaithe idirnáisiúnta eile ar an láthair.

6. Le tacaíocht ón gcomhphobal idirnáisiúnta, tathantaíonn an tAontas ar údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine a n-iarrachtaí a neartú maidir le harmlón, arm agus feistí pléascacha breise a dhiúscairt a thuilleadh, mar aon lena n-iarrachtaí i ndáil leis an dímhianú daonnúil. I ndáil leis an méid sin, tá an tAontas réidh chun tacaíocht bhreise a thabhairt do ghníomhaíochtaí dímhianaithe sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin.